



Luas ag teacht go Corcaigh

Eochairfhocail: comhairliúchán, údarás, iarnród, truailliú.

Príomhscileanna: éisteacht, scríbhneoireacht, léitheoireacht, labhairt.

Breathnaigh ar an mír nuachta seo agus freagair na ceisteanna a bhaineann leis:

1. Céard a fógraíodh le déanaí?
2. Cá mbeidh an t-iarnród ag dul?
3. Cén áit a mbeidh stad Luas?
4. Cé mhéad a chosnóidh an tionscnamh?





Luas ag teacht go Corcaigh

Anois, tar éis duit na ceisteanna sin a fhreagairt an féidir leat tabhairt faoin léamhthuiscint seo?

AN LUAS

Is córas tram é an Luas agus cuireadh tús leis an tseirbhís sa bhliain 2004 i mBaile Átha Cliath. Is iomaí síneadh a cuireadh leis an Luas thar na blianta agus tá sé 42 ciliméadar ar fhad. Baineann 140,000 duine úsáid as an Luas gach lá agus go bliantúil bíonn os cionn 48 milliún paisinéir ar bord. Tá dhá líne i gceist. An líne dhearg a théann amach chomh fada le Tamhlacht agus an líne bhuí a théann amach chomh fada le Droichead Broome. Tá praghas na dticéad don Luas an-réasúnta agus is bealach sciobtha, éasca agus taitneamhach é le dul timpeall na cathrach. Tá pleananna anois ann córas tram den saghas céanna a thabhairt go cathracha eile timpeall na hÉireann agus is fíor gur buntáiste a bheidh sna tramanna sin do chóras iompair phoiblí na tíre.

Ceisteanna

1. Cén bhliain ar cuireadh tús leis an tseirbhís Luas?
2. Cé mhéad duine a bhaineann úsáid as an Luas gach bliain?
3. Cén áit a gcríochnaíonn an líne dhearg?
4. An raibh tú riamh ar an Luas tú féin?

Anois, leis an duine in aice leat, labhair faoin turas is fearr a bhí agat riamh i do shaol. Cá ndeachaigh tú? Cé a bhí leat? Cén modh taistil a d'úsáid tú?





Luas ag teacht go Corcaigh

Freagraí:

1. Seirbhís Luas a chur ar fáil i gCathair Chorcaí.
2. Ag dul trí lár na cathrach
3. Taobh amuigh de Ghaelscoil Uí Ríordáin
4. 2-3 bhilliún euro.

1. Luas? 2004
2. Os cionn 48 milliún
3. Tamhlacht
4. Déan cur síos ar do thuras.

